An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta

Leagtar amach sa bheartas seo maidir leis na meáin shóisialta don Choimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) an dóigh a ndéanfaimid caidreamh leis an bpobal ar fud ár n-ardán uile agus an cineál inneachair a fhoilseoimid.

Trínár gcuntais meán sóisialta, is féidir leis an gCoimisiún ceangal leis an bpobal agus nuacht agus an t-eolas is deireanaí a chur in iúl go tráthúil. Is é ár nAonad Cumarsáide a bhainistíonn cuntais uile an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar LinkedIn, ar Instagram, ar X agus ar Bluesky.

Cén áit a ndéanaimid caidreamh

Déanfaidh an Coimisiún caidreamh ar na nithe seo a leanas:

- Ár suíomh Gréasáin (www.dataprotection.ie);
- Ár gcuntas ar Instagram (https://www.instagram.com/dpcireland/);
- Ár gcuntas ar LinkedIn (https://www.linkedin.com/company/data-protection-commission-ireland/);
- Ár gcuntas ar X (http://www.x.com/DPCIreland); agus
- Ár gcuntas ar Bluesky (https://bsky.app/profile/dpcireland.bsky.social).

Maidir le leathanaigh, cuntais nó grúpaí a bhfuil ainm an Choimisiúin orthu (seachas iad sin atá liostaithe thuas), ní dhéanann siad aon ionadaíocht don Choimisiún. Is féidir go gcinnfidh an Coimisiún cur leis an úsáid a bhaineann sé as ardáin meán sóisialta amach anseo, agus is ag an am sin a nuashonrófar an beartas seo.

Inneachar

Is féidir le leantóirí chuntais meán sóisialta an Choimisiúin a bheith ag súil le faisnéis cosúil leis na nithe seo a leanas:

- Preaseisiúintí, nuacht agus ráitis ón gCoimisiún.
- Cumhdach ar imeachtaí ar fhreastail an Coimisiún orthu nó ar eagraigh sé iad.
- Inneachar ónár suíomh Gréasáin, lena n-áirítear treoir do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí.
- Inneachar ónár gcomhúdaráis cosanta sonraí, i gcás gur cuí.
- Faisnéis phraiticiúil eile maidir le cosaint sonraí.

Leantóirí

Ní bheidh aon oibleagáid orainn aon duine dár leantóirí ná aon úsáideoir eile meán sóisialta a leanúint. Má leanann an Coimisiún cuntas LinkedIn, Instagram, X nó Bluesky, ní thabharfaidh sé sin le tuiscint go bhformhuiníonn sé an cuntas ar bhealach ar bith. Tá sé de cheart ag an gCoimisiún aon úsáideoir a bhacadh ar a chainéil meán sóisialta agus aon inneachar nach bhfuil ar aon dul leis an mbeartas seo a bhaint de na cainéil sin.

Fiosruithe, Freagraí, Teachtaireachtaí Díreacha agus Idirghníomhaíochtaí

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar ár gcuntais ar LinkedIn, ar Instagram, ar X agus ar Bluesky. Déanfar gníomh leantach i leith aiseolais, de réir mar is cuí. Ní bheidh aon oibleagáid orainn, áfach, freagra aonair a thabhairt ar phostálacha, ar tvuíteanna ná ar theachtaireachtaí díreacha. Molfaimid dóibh sin a bheidh ag iarraidh gearáin a dhéanamh nó sárú a thuairisciú trí na meáin shóisialta déanamh amhlaidh trí na modhanna cuí.

Is é an bealach is cuí don phobal cumarsáid a dhéanamh linn ná úsáid a bhaint as an leathanach 'Déan Teagmháil Linn' ar ár suíomh Gréasáin (https://www.dataprotection.ie/en/contact/how-contact-us). Is ar aghaidh chuig an teagmhálaí cuí a sheolfar aon fhiosruithe preasa a gheofar ó na meáin, media@dataprotection.ie.

Cuirfidh an Coimisiún teorainn le comhroinnt inneachair sheachtraigh. Ó am go ham, is féidir go dtabharfaimid 'is maith linn' d'inneachar ó gheallsealbhóirí nó ó údaráis eile cosanta sonraí nó go ndéanfaimid an t-inneachar sin a ath-chomhroinnt. Ní thugann aon ath-chomhroinnt inneachair le tuiscint go bhformhuinímid an t-inneachar lena mbaineann.

Teanga Mhaslach/Turscair:

Scriosfar teachtaireachtaí, postálacha agus barúlacha maslacha nó turscair, agus is féidir go mbacfar leantóirí agus go dtuairisceofar go díreach iad trí na bealaí tiomnaithe den ardán meán sóisialta trínar seoladh an t-inneachar sin.

Inrochtaineacht

Is mór againne ag an gCoimisiún inrochtaineacht do chách. Postálfaidh an Coimisiún i nGaeilge shimplí. Leagfaimid téacs amach ina mhíreanna néata, agus príomhtheachtaireachtaí á gcur in iúl sna línte tosaigh. Soláthrófar fotheidil in aon inneachar físe a léireoidh an Coimisiún ar bhonn inmheánach.

Athbhreithniú ar an mBeartas

Leanfaidh an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo ar bhonn leanúnach.